



ombudsman
do leanaí & do dhaoine óga

Céard a déarfá féin?

Iniúchadh ar chearta an linbh
i gcomhar leis an aos óg

Rang 3 & 4



Céard a déarfá féin?

Iniúchadh ar chearta an linbh i gcomhar leis an aos óg

Is acmhainn de chuid Oifig an Ombudsman do leanaí é ‘Céard a déarfá féin?’



www.oco.ie

Ábhair bhunúil arna chur in eagar ag

Owen McCarthy

agus scríofa ag foireann múinteoirí a bhfuil seantaithí acu:

Anne-Marie Herron

Anne-Marie Kealy

Owen McCarthy

Iad seo a leanas scríbhneoirí na ngníomhaíochtaí nua sna hábhair acmhainne chomh maith: **Anne-Marie Herron, Anne-Marie Kealy** agus **Owen McCarthy**.

Ba mhaith leis an OCO a thabhairt chun suntais an obair thábhachtach a rinne Clíodhna Ní Ghiollagáin agus Kate Mitchell i bhforbairt na n-acmhainní seo.

© Oifig an Ombudsman do Leanaí

Brollach

A Mhúinteoir, a chara,

Is cúis mhór áthais dom go bhfuil sé beartaithe agat na hábhair acmhainne seo a úsáid chun tuilleadh a fhoghlaim faoi na saincheisteanna éagsúla a bhfuil tionchar acu ar leanaí agus a bhaineann le cearta an linbh.

Is é atá i gceist le mo phost, mo dhualgas reachtúil, ná cearta agus leas gach linbh, suas go haois ocht mbliana déag, a chur chun cinn agus a chinntiú go gcuirtear a leas san áireamh sa dlí, polasaí agus cleachtas. Fiafraítear díom go minic cá bhfuil cearta an linbh sonraithe. Tá dhá phríomh-phointí tagartha ann: An Bunreacht, atá mar ionstram bunaidh dlíthiúil na hÉireann, agus Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh, sraith caighdeán de chearta daonna leanaí ar aontaíodh go hidirnáisiúnta leo, rud a daingníodh in Éirinn i 1992.

Sa bhliain 2007, chuireamar an ‘Ballóid Mhór’ ar bun, tionscadal inar vótáil 74,000 leanaí ar na príomh-shaincheisteanna a raibh tionchar acu orthu. Thacaigh 560 bunscoil agus iar-bhunscoil, lonaí Ógtheagmhála agus lonaí Oiliúna do Thaistéalaithe Sinsearach leis na daoine óga páirt a ghlacadh ann. Tá sé ar an gcomhairliúchán is mó le leanaí in Éirinn riamh agus, mar is léir, ní fhéadfadh go mbeadh ann dó gan cúnamh agus díograis na múinteoirí ar fud na tíre.

Léirigh aiseolas ón tionscadal seo gurb iad na príomh-bhuntaistí do leanaí a bhí páirteach sa bhallóid ná an deis cearta an linbh a iniúchadh; tuairimí a chruthú agus a chur in iúl; agus foghlaim faoi, agus páirt a ghlacadh i bpróiseas daonlathach. Tháinig aiseolas an-dearfach chugainn ó mhúinteoirí mar

gheall ar a bheith ag úsáid na n-ábhar acmhainne agus d'iarr roinnt acu ábhair bhreise ar chearta an linbh orainn.

D'aontaigh an fhoireann mhúinteoirí a d'fhorbair na hábhair acmhainne bunaidh do bhunscoileanna obair a dhéanamh arís linn ar na hábhair seo. Ba mhór dúinn saineolas agus cruthaitheacht Owen McCarthy, Ann Marie Herron agus Anne-Marie Kealy.

Tuigim an ról suntasach atá ag múinteoirí i saolta leanaí. Cuireann ár n-eispéireas féin ar obair rannpháirtíoch i gcuimhne dúinn go bhfuil muid, mar atá do gach duine a bhíonn ag obair le leanaí, ag foghlaim chuile lá.

Tá súil agam go mbeidh na hábhair seo mar thacaíocht duit agus tú i mbun oibre agus go gceapfaidh na leanaí nach bhfuil na hábhair oideachasúil amháin, ach spraoiúil chomh maith.

Más mian leat tuilleadh eolais faoin OCO a fháil, agus an obair atá ar bun againn cearta agus leas an linbh a chur chun cinn in Éirinn, téigh chuig ár suíomh gréasáin ag - www.oco.ie

Míle buíochas,



Ombudsman do Leanaí

2010

Réamhrá

Fáilte chuig 'Céard a Déarfá Féin?'.

Is éard atá san acmhainn seo ná gníomhaíochtaí a dhéanann iniúchadh ar cheisteanna a bhaineann le chearta an linbh. San áireamh ann tá tagairtí do Chearta: gCoinbhsiún na NA um Chearta an Linbh agus don Bhunreacht.

Grúpa múinteoirí a chruthaigh na gníomhaíochtaí seo- gníomhaíochtaí a ceapadh ar bhealach a éascódh cur i bhfeidhm roinnt gnéithe den churaclam.

Sna hábhair tugtar tús eolais ar ról agus obair an Ombudsman do Leanaí agus tugtar an deis do leanaí na saincheisteanna seo a leanas a iniúchadh agus a phlé:

- **Guth a bheith agat agus go dtabharfaí cluas le héisteacht duit**
- **Teaghlach agus cúram**
- **Sláinte agus maoin**
- **Oideachas**
- **Súgradh, fóillíocht agus caitheamh aimsire**
- **Cuimsiú**

Caithfear na saincheisteanna seo a láimhseáil go híogair. Ní foláir do mhúinteoirí cúinsí ar leith na leanaí a bhfuil siad ag obair leo a chur san áireamh agus na hábhair a chur in

oiriúint dá réir.

Bunaithe ar na gníomhaíochtaí roimh ré agus féadfaidh múinteoirí é a chur in oiriúint dá scoil féin, díríonn gníomhaíocht deiridh na hacmhainne seo ar chuidiú le leanaí a dtuairimí a chur in iúl trí bhallóid a eagrú agus/nó páirt a ghlacadh ann.

Cuideoidh an rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí seo le leanaí tuiscint leathan a fháil ar an tábhacht a bhaineann le guth a bheith acu i leith nithe a théann i gcion orthu..

Bunreacht, Airteagal 40(6)(1)(i) :

Tá sé de cheart ag saoránaigh a gcuid tuairimí a nochtadh go neamhshrianta.

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL), Airteagal 12:

Tá sé de cheart ag leanaí a dtuairimí chur in iúl faoi rudaí a bhaineann leo.

Conas an acmhainn seo a úsáid

CROÍGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Is éard atá san acmhainn seo ná lámhleabhar do mhúinteoirí a áiríonn bileoga oibre ar féidir fótachóipeáil a dhéanamh orthu agus DVD ag gabháil leis a dhíríonn ar roinnt de na gníomhaíochtaí. San fhormáid seo féadfaidh leanaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí taitneamhacha agus ag an am céanna cur lena dtuiscint ar chearta agus ar shaoránacht.

Tugann an chéad ghníomhaíocht tús eolais do na leanaí ar an Ombudsman do Leanaí. Sna gníomhaíochtaí eile déantar cíoradh ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta leanaí ar bhealach a fhorbraíonn scileanna agus luachanna a bhaineann le hoideachas sa saoránacht. Cuireann na gníomhaíochtaí sin fócas ar fáil a dhíríonn ar an ngníomhaíocht deiridh – ballóid atá ina cheacht ar Shaoránacht agus a thugann tús eolais do na leanaí ar an bpróiseas daonlathach. Tá súil againn go mbainfidh na leanaí taitneamh as na gníomhaíochtaí.

TUISMITHEOIRÍ

Tá litir ón Ombudsman do Leanaí chuig tuismitheoirí/caomhnóirí ag gabháil leis an acmhainn seo. Chun an deis a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí na saincheisteanna a ndéantar iniúchadh orthu san acmhainn seo a phlé lena leanaí, tá spás ar na bileoga oibre do shíniú na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Iarrtar ar scoileanna torthaí ghníomhaíocht na ballóide a sheoladh abhaile chomh maith.

CURACLAM SCOILE

Éascaíonn na gníomhaíochtaí gnéithe den churacclam teagaisc agus foghlama, go háirithe i gcomhthéacs OSPS (féach léaráid thall). Tacaíonn na gníomhaíochtaí seo le leanaí iniúchadh agus plé a dhéanamh ar shaincheisteanna agus ábhar ag tagairt dá n-eispéiris féin. Baintear an-úsáid as an scéal sna hábhair acmhainne do bhunscoileanna, idir shíscéalta do ranganna na naíonán is chás-staidéir do ranganna sinsearach.

OIDEACHAS NEAMHFHOIRMIÚIL

Cé gur forbraíodh na hábhair seo don teagasc agus foghlaim i gcomhthéacs oideachas foirmiúil leanaí, féadfar na gníomhaíochtaí a úsáid freisin d'obair le leanaí i suíomhanna oideachais neamhfhoirmiúla – mar shampla, mar chuid de chlár gníomhaíochtaí do leanaí atá ag freastal ar chlubanna tar éis scoile.

MODHEOLAÍOCHTAÍ

I measc na modheolaíochtaí teagaisc agus foghlaim a áiríodh agus na gníomhaíochtaí á gcur i gcrích bhí plé, díospóireacht, obair i ngrúpaí agus rólghlacadh. Spreagann siad leanaí le comhbhá a fhorbairt agus páirt a ghlacadh i gcomhar-fhoghlaim. Moltar do mhúinteoirí tacú leis na leanaí obair i ngrúpaí de chumais mheasctha. Cothaítear nasc idir an scoil agus an baile le gníomhaíochtaí a spreagfaidh plé breise ar na saincheisteanna sa bhaile. Ba chóir go mbraithfeadh leanaí úinéireacht i leith na hoibre a dhéanann siad i gcomhthéacs gach gníomhaíochta.

An bhaint atá ag 'Céard a Déarfá Féin?' leis an gCuaraclam do Ranganna 3 & 4

OSPS

Mise:

- Ag déanamh cinntí
- Sábháilteacht agus Cosaint

Mise agus mo Theaghlach:

- Cineálacha éagsúla teaghlach a iniúchadh

Mise agus an Domhan Mór:

- Ag forbairt saoránachta
- Ag iniúchadh ceart agus freagrachtaí

OSIE

Tíreolaíocht:

- Imshaoil Dhaonna: Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil

Céard a déarfá féin?



Iniúchadh ar chearta an linbh i gcomhar leis an aos óg

Teangacha

Labhairt:

- Ag plé
- Dearcadh a léiriú agus a lorg
- Drámaíocht Seiftithe

Scríbhneoireacht

- Ag achoimriú scéalta
- Liostaí, tuairiscí srl. a scríobh.

Léitheoireacht:

- Scéalta a léamh/cas-staidéir a léamh agus freagairt ó bhéal nó i scríbhinn
- Forbairt mhothánach agus chruthaitheach a fhorbairt trí theangacha.

	Leathanach	Materials
Brollach	4	
Réamhrá	5	
GNÍOMHAÍOCHT 1 Cuir Aithne ar an Ombudsman do Leanaí	9	DVD Rian 2 Póstaer - OCO
GNÍOMHAÍOCHT 2 Being Heard	17	Póstaer - Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh
GNÍOMHAÍOCHT 3 Oideachas	25	Póstaer - Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh
GNÍOMHAÍOCHT 4 Teaghlach & Cúram	31	Póstaer - Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh
GNÍOMHAÍOCHT 5 Súgradh	37	Póstaer - Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh
GNÍOMHAÍOCHT 6 Sláinte agus Maoin	43	Póstaer - Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh
GNÍOMHAÍOCHT 7 An Dlí	47	
GNÍOMHAÍOCHT 8 Cluiche na gCeart	53	
GNÍOMHAÍOCHT 9 Do Ghuth, Do Vóta	61	

AON RUD IN EASNAMH?

MÁ TÁ AON CHEANN DE NA NITHE SIN IN EASNAMH IS FÉIDIR IAD A ÍOSLÓDÁIL ÓNÁR SUÍOMH GRÉASÁIN WWW.OCO.IE

PRÍOMHDHEILBHÍNÍ



Radharc ón Dlíúthdhiosca



Scríobh Líníocht



Plé Ranga Léigh os Ard



Nasc Baile

Obair an Ombudsman do Leanaí

GNÍOMHAÍOCHT 1

Tar agus Buail leis
an Ombudsman
do Leanaí





Obair an Ombudsman do Leanaí

Tar agus Buail leis an Ombudsman do Leanaí

CUSPÓIR:

Tús eolais a thabhairt do na leanaí ar ról agus obair an Ombudsman do Leanaí.

BEIDH GÁ AGAT LE:

- Póstaer an OCO
- DVD Rian 2
- Smeachchairt nó páipéar pósteair chon ráitis a scríobh air ón agallamh
- Bíleog Gníomhaíochta 1 le haghaidh gach linbh agus cóip mhéadaithe le cur ar taispeáint

An tOmbudsman de Leanaí:

Eascraíonn an focal 'Ombudsman' ó Chríoch Lochlainn. An bhrí atá leis an gcéad chuid den fhocal 'Ombuds' ná cosantóir ceart agus tagraíonn an dara cuid 'man' don chine daonna i gcoitinne. Mar sin d'fhéadfadh Ombudsman a bheith ina fhear nó ina bean. Tá sé/sí ina d(h)uine a chosnaíonn cearta daoine nó grúpa ar chumhachtaí agus bearta rialtais agus eagraíochtaí poiblí eile. I gcás an Ombudsman do Leanaí, is iad tairbhithe a c(h)uid oibre ná leanaí.



Dia daoibh,

Emily Logan is ainm domsa agus tá mise ar an gcéad Ombudsman do Leanaí in Éirinn. Is é a chiallaíonn sé seo ná go n-oibrím do na leanaí agus na daoine óga uile faoi bhun a 18 atá ina gcónaí in Éirinn agus an dualgas atá orm ná a chinntiú go ndéanann an rialtas agus daoine eile a dhéanann cinntí faoi dhaoine óga machnamh domhain ar an rud is fearr do leanaí.

Sular thosaigh mé sa phost seo bhí mé i mo bhanaltra in Ospidéal Shráid an Teampaill agus ansin in ospidéal mór do leanaí i Sasana. Thaitin sé go mór liom a bheith ag obair le leanaí agus ag caitheamh ama leo. Chuir mé spéis, freisin, i gcearta leanaí agus theastaigh uaim iarracht a dhéanamh a chinntiú go n-éistear le guthanna leanaí.

I mí na Samhna 2003 fógraíodh an post mar Ombudsman do Leanaí. Ní fhéadfainn ach smaoineamh ar an bhfógra agus gur theastaigh an post seo uaim. Nuair a chuir 15 duine óg agallamh orm bhí an post uaim fiú níos mó ná riamh – an post idéalach domsa; thabharfadh sé an deis dom difríocht a dhéanamh agus oibriú le leanaí agus le daoine óga.

Mar Ombudsman do Leanaí, tugtar roinnt mhaith cumhachta dom a chuireann ar mo chumas a fheiceáil cé acu a bhfuil leanaí agus daoine óga ag fáil chothrom na féinne nó nach bhfuil, agus mura bhfuil, ceisteanna a chur ar an rialtas agus ar dhaoine a dhéanann cinntí. Má bhraitheann leanbh nach bhfuiltear ag caitheamh go cothrom leis/léi ar scoil, in ospidéal nó mura bhfuil eagraíocht phoiblí ag caitheamh go cothrom leis/léi, is féidir leis an leanbh sin an cás a ghearánú le m'oifig. Is féidir linn an gearán a fhiosrú, agus a chinntiú go gcloisimid an dá thaobh den scéal. Ansin déanaimid moltaí, chun iarracht réiteach a fháil ar an scéal. Mar sin, tá gá agamsa le cúnamh ó leanaí agus ó dhaoine óga. Ní hé amháin éisteacht leo, ach iad a chloisteáil agus a thuiscint céard é go díreach atá á rá acu - óna ndearcadh siúd.

Tá an t-ádh orm bheith i mo Ombudsman do Leanaí. Táim an-dáiríre faoi mo phost. Uaireanta is féidir leis an bpost a bheith deacair – is minic saol dian ag leanaí, ach bím níos dícheallai fós dá bharr sin i mo phost. Tá nithe eile i mo phost nach bhfuil chomh deacair sin: Is breá liom an deis a fháil bualadh le leanaí agus daoine óga go minic. Tugann seo a lán fuinnimh dom, mar go bhfuil siad chomh macánta agus go dteastaíonn uathu go ndéanfaidh mé jab maith

Tá súil agam go bhfreagraíonn seo roinnt de na ceisteanna atá agat fúm

Slán tamall,

Emily Logan



RÉAMHRÁ:

1. Éascaigh plé ranga faoi na daoine a oibríonn le leanaí – d'fhéadfaidís tuismitheoirí, altraí a lua srl. Scríobh liosta de na cineálacha post a luann na leanaí agus an cineál oibre a dhéanann na daoine sna poist sin.

**FORBAIRT:**

2. Mínigh go bhfuil duine ann, an tOmbudsman do Leanaí, a bhfuil mar phost aici díriú ar na hábhair is cúram do leanaí agus iad a chloistéail chun a chinntiú go gcaitear go maith le leanaí. Faigh amach cé mhéid atá ar eolas ag na leanaí cheana féin faoin Ombudsman do Leanaí. Fiafraigh de na leanaí:

- Cad iad na cineálacha fadhbanna a gcloiseanan an tOmbudsman do Leanaí fúthu agus a ndéanann sí déileáil leo?
- Cén sórt duine, dar leat, is gá a fhostú mar Ombudsman?

3. Iarr ar na leanaí suí i ngrúpaí agus liosta a scríobh de na ceisteanna ar mhaith leo iad a chur ar an Ombudsman do Leanaí. Cuir liosta de cheisteanna an ranga le chéile.

4. Seinn Rian 2 den DVD nó léigh amach litir Emily Logan do na leanaí. Lorg tuairimí/aiseolas.



5. Téigh tríd an liosta ceisteanna a thiomsaigh na leanaí agus seiceáil gur freagraíodh iad leis an DVD, Rian 2.

6. Dáil bileog gníomhaíochta 1 agus iarr ar na leanaí focail nó abairtí a scríobh faoin Ombudsman, agus an leathanach a mhaisiú. Tabhair cuireadh do na leanaí indibhidiúla leagan níos mó a líonadh chun é a chur ar taispeáint.

**NASC BAILE:**

Dáil bileog gníomhaíochta 2. Iarr ar na leanaí an ghníomhaíocht scríofa a dhéanamh, ag líonadh a n-ainm in aice na litreach chun a léiriú gur do gach leanbh an tOmbudsman do Leanaí.

Seol abhaile cóip den 'Litir do Thuismitheoirí/Caomhnóirí' le gach leanbh. Cuireann an litir eolas ar fáil faoi obair Oifig an Ombudsman do Leanaí.





Cuir ainm an linbh in aice gach litreach thíos.... agus cuimhnigh go bhfuil an tOmbudsman do Leanaí ann do gach duine óg faoi bhun aois a 18 in Éirinn!

O _____

M _____

B _____

U _____

D _____

S _____

M _____

A _____

N _____



Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra: _____

Tuairimí:

A thuismitheoir/chaomhnóir, a chara,

Táim ag scríobh chugat toisc go bhfuil do leanbh ag foghlaim faoinár n-obair in Oifig an Ombudsman do Leanaí ar scoil faoi láthair.

Mar chéad Ombudsman do Leanaí in Éirinn, is é mo phost cearta agus leas leanaí atá faoi 18 mbliana d'aois a chur chun tosaigh.

Sa ról agamsa mar Ombudsman do Leanaí, tá dualgas reachtúil ormfeasacht ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta agus leas an linbh, i measc leanaí agus daoine óga, a mhéadú.

Chuireamar clár gníomhartha oideachasúla le chéile i gcomhar le múinteoirí a bhfuil taithí mhaith acu sa réimse seo ionas go mbeidh leanaí in ann foghlaim faoin obair a dhéanaimid agus go mbeidh siad in ann dul i ngleic le hábhair a bhaineann le saol an linbh in Éirinn.

Bhí na gníomhartha seo mar chuid de thionscadal “an Bhallóid Mhór” ar dtús, a reáchtáil ár nOifig le linn 2007. Ghlac na céadta scoil agus beagnach 75,000 leanbh ar fud na hÉireann páirt sa tionscadal seo. Ba í aidhm an tionscadail deis a thabhairt do leanaí chun muid a chur ar an eolas faoi na ceisteanna is tábhachtaí dóibh, agus leis sin, níos mó eolais a chur ar fáil dár nOifig sa chaoi is go mbeimis in ann cinntí a dhéanamh maidir leis na ceisteanna ar a mbeimis ag díriú.

Tá sé lárnach dár n-obair anseo in Oifig an Ombudsman do Leanaí gur féidir le leanaí féin a dtuairimí agus ábhair is cúram dóibh a chur in iúl dúinn, agus gur féidir leo páirt a ghlacadh i gcinntí a bhaineann leo.

Foghlaimimid lear mór eolais ó na tuairimí agus smaointe a roinneann leanaí agus daoine óga linn. Táimid ar an eolas faoin méid tacaíochta a thugann tuismitheoirí agus gairmithe do leanaí agus do dhaoine óga nuair atá siad ag iarraidh níos mó eolais a fháil ónár nOifig nó teagmháil a dhéanamh linn. Táimid go léir fíorbhuíoch as an tacaíocht seo.

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil maidir le hobair ár nOifige, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin ag www.oco.ie, seol ríomhphost chugainn ag oco@oco.ie nó cuir glao orainn ag 01-8656800 chun pacáiste eolais a lorg.

Míle buíochas,



Emily Logan

Ombudsman do Leanaí

An ceart guth a bheith agat agus go n-éistfí leat

GNÍOMHAÍOCHT 2

An Ceart go nÉistfí Leat





An Ceart go nÉistfí Leat

Tugann taighde a rinneadh thar ceann an OCO le tuiscint go mbraitheann leanaí go ginearálta nach n-éistear leo agus/nó go ndéantar beag is fiú de na cúiseanna imní/tuairimí atá acu. Díríonn an ghníomhaíocht seo ar an tábhacht a bhaineann le go n-éistfí le leanaí agus tugann sé samplaí de leanaí a bhfuil guth acu.

Bunreacht, Airteagal 40(6)(1)(i):

Tá sé de cheart ag sáoranaigh a gcuid tuairimí a nochtadh go neamhshrianta.

CNACL, Airteagal 12:

Tá sé de cheart ag leanaí a dtuairimí a chur in iúl faoi rudaí a bhaineann leo.

CUSPÓIR:

Cuidiú le leanaí:

- Éisteacht go cúramach le daoine eile;

- Teacht ar an tuiscint go bhfuil sé de cheart acu a dtuairimí a chur in iúl agus nach ndéanfaí beag is fiú den méid atá le rá acu agus go bhfuil freagracht orthu as éisteacht le daoine eile
- Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí ina n-úsáideann roinnt leanaí a nguthanna.

BEIDH GÁ LE:

- 2 shaorálaí (roimh an ngníomhaíocht, iarr ar bheirt leanaí, leanbh amháin le ról a ghlacadh mar 'éisteoir maith' agus an leanbh eile mar 'dhroch-éisteoir');
- Roinn an rang i 3 ghrúpa;
- Tabhair Cóip de bhileog gníomhaíochta 3 (cás-staidéir) do gach grúpa;
- Tabhair Cóip de bhileog gníomhaíochta 4 do gach leanbh



An Ceart go nÉistfí Leat

RÉAMHRÁ:

1. Iarr ar na leanaí breathnú go cúramach mar go gcuirfear ceisteanna orthu ina dhiaidh.
2. Inis eachtra éigin do na saorálaithe agus iarr orthu seo a leanas a dhéanamh.
 - **Leanbh A** - féachaint thall, gan éisteacht lena bhfuil á rá agat agus gan aon aiseolas a thabhairt duit.
 - **Leanbh B** – éisteacht go cúramach agus léiriú go bhfuil sé/sí ag éisteacht trí cheisteanna a chur ort agus aiseolas a thabhairt nuair a iarrtar sin orthu.
3. Tuairimí a lorg faoinar tharla; Cé atá ag éisteacht? Cá fhad?



FORBAIRT:

4. Iarr ar na leanaí oibriú lena chéile chun rólghlacadh 30 soicind a dhéanamh mar a ndéanfaidh siad éisteacht go gníomhach lena chéile. Pléigh cén chuma atá air/cad atá i gceist leo seo a leanas, m.sh. teagmháil súl, comhartha cinn, ceistiú, tuairimí a thabhairt etc.
5. Pléigh leis na leanaí an bhrí atá le guth a bheith agat:
 - Cén chaoi a bhfuil a fhios agat go bhfuil duine ag éisteacht leat i ndáiríre?
 - Cad iad na nithe atá thar a bheith tábhachtach chun go mbeifeá cinnte go bhfuil do theachtaireacht á tuiscint ag an duine eile?
 - An féidir leat cuimhneamh ar uair nár éisteadh leat?



GNÍOMHÁÍOCHT LEANTACH 1:

Mínigh gur cuid thábhachtach de phost an Ombudsman do Leanaí ná bheith ag éisteacht le leanaí agus a dtuairimí agus a gcúiseanna imní a chur in iúl do dhaoine eile.

Cuir Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh ar taispeáint ar phóstaer agus mínigh gurb é atá ann ná liosta de na cearta atá ag gach leanbh. Tá beagnach gach tír ar fud an domhain tar éis aontú go n-urramóidís agus go gcosnóidís na cearta seo, Éire san áireamh.

Léigh tríd na cearta leis na leanaí, agus fiafraigh díobh cé acu cearta ar an liosta sin a bhaineann le go n-éistfí le guth an linbh.

GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 2:

Bíodh seisiún tobsmaointeoireachta ann maidir leis na bealaí is féidir le leanaí guth a bheith acu ar scoil nó i ngrúpaí ina bhfuil siad páirteach (na gasóga, gníomhaíochtaí spóirt etc).

Dáil cóip de bhileog gníomhaíochta 3 ar gach grúpa. Iarr ar gach grúpa a rólchárta a léamh os ard agus ansin tabhair achoimre air don chuid eile den rang.



Pléigh leis na leanaí:

- Cén chaoi a n-éistear le guthanna na leanaí agus na ndaoine óga seo?
- Ar mhaith leatsa a bheith mar bhall de ghrúpa mar seo? Cén fáth, Cén fáth nár mhaith?
- I do thuairimse, céard ba chóir don Ombudsman do Leanaí a dhéanamh chun a chinntiú go n-éistear le guthanna leanaí?

NASC BAILE:

Iarr ar na leanaí bileog gníomhaíochta 4 a dhéanamh don obair bhaile. Léirigh a mbileoga críochnaithe gníomhaíochta sa seomra ranga.



An Ceart go nÉistfí Leat

Cás-Staidéir

Painéal Comhairleach na nÓg (YAP) de chuid an OCO

Mandioneka is ainm domsa, tá mé 18 mbliana d'aois. Dhá bhliain ó shin roghnaíodh mise, in éineacht le 15 dhuine óg eile chun cuidiú leis an agallamh a bheadh á chur ar dhaoine don phost mar Ombudsman do Leanaí. Nuair a roghnaíodh Emily Logan bhí a fhios againn go léir go raibh sí oiriúnach don phost. D'iarr sí orainn fanacht agus cuidiú léi ina post. Mar sin, tháingamar le chéile go rialta chun a insint di faoinár dtuairimí maidir le nithe éagsúla. Chuidíomar le cruthú shuíomh gréasáin na hoifige, agus agallamh a chur ar dhaoine eile atá ag obair ina hoifig. Bhain mé an-taitneamh go deo as a bheith ag rannpháirteach i YAP agus obair in Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Comhairle na Mac Léinn

Anna is ainm domsa. Táim i ranga a 4 i mbunscoil St. Mark's i gCorcaigh. Táim ar Chomhairle na Mac Léinn an téarma seo. Caitheann gach rang vóta chun ceathrar a roghnú le bheith ar Chomhairle na Mac Léinn. Is féidir le gach duine eile liosta a scríobh de na nithe ar mhaith leo go bpléifimis ag an gcruinniú. Tagaimid le chéile uair sa tseachtain. Ar na nithe a labhraímid fúthu tá níos mó ama a bheith againn le haghaidh corpoideachais agus conas deireadh a chur le himirt gharbh sa chlós.



Is féidir roinnt de na nithe a réiteach inár gcruinnithe Comhairle Ranga, agus tagaimid le chéile le comhairlí mac léinn eile ag cruinniú Chomhairlí Scoile. Ag na cruinnithe sin, insimid don mhúinteoir i bhfeighil agus labhraíonn sé/sí leis an bPríomhoide agus labhraíonn seisean/sise faoi ag cruinnithe foirne. Is breá liom a bheith ar an gcomhairle agus measaim go bhfuil sé go maith a bheith páirteach i rudaí mar sin.

Coiste na Scoileanna Glasa

Chloe agus Claire is ainm dúinn. Táimid i rang 5 i Scoil Náisiúnta i mBuiríos Osraí, Contae Laoise. Bhuaigh ár scoil Brat Glas scoile anuraidh. Tá ceathrar ag gabháil do jabanna inár rang. Beirt chun na doirse agus na fuinneoga a dhúnadh (chun an teas a chaomhnú). Chomh maith leis sin, piocaimid suas bruscar, fiú murar ár mbruscar féin atá ann. Glanaimid an áit ó bhun go barr uair sa bhliain. Ina theannta sin, bíonn cruinnithe againn chun caint faoi na nithe atá déanta againn, agus chun cinneadh a ghlacadh maidir leis na nithe a dhéanfaimid amach anseo. Foghlaimímid an-chuid faoin timpeallacht. D'oibríomar an-dian chun an brat glas a bhuachan don scoil. Is maith linn a bheith páirteach i ngníomhaíocht atá tábhachtach. Táimid sásta a bheith ar choiste.

Guthanna

An féidir leatsa smaoineamh ar bhealaí inar féidir leatsa tathant ar dhaoine éisteacht lena bhfuil le rá agat, ar scoil nó i do chlub? Líon na bolgáin cainte thíos le do smaointe.



CNACL, Airteagal 12:

Tá sé de cheart ag leanaí a dtuairimí chur in iúl faoi rudaí a bhaineann leo.



GNÍOMHAÍOCHT 3

Oideachas



Oideachas

Sa ghníomhaíocht seo, déanfaidh leanaí iniúchadh ar eispéiris éagsúla daoine ar oideachas. Tá rogha gníomhaíochtaí molta againn ar gach téama. Roghnaigh an ceann is mó a oireann do na leanaí lena bhfuil tú ag obair.

Bunreacht, Airteagal 42:

Aithníonn an Stát an ceart oideachas a fháil.

CNACL, Airteagal 28:

Tá sé de cheart ag leanaí oideachas a fháil.

BEIDH GÁ AGAT LE:

- Bileog gníomhaíochta 5.
- Dhá leathanach A4, ceann amháin leis na focail 'Aontaím' agus ceann eile leis na focail 'Easaontaím', greamaithe ar thaobhanna urchomhaireacha sa seomra ranga;
- Póstaer – Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh.

CUSPÓIR:

Cuidiú le leanaí:

- Freagairt do na scéalta faoi thaithí éagsúil na leanaí ar an oideachas;
- Bealaí éagsúla a mholadh dóibh maidir leis an gcaoi a bhféadfaidís fáil níos iomláine a bheith acu ar oideachas.



Oideachas

RÉAMHRÁ:

1. Déan athbhreithniú leis na leanaí ar an tsaincheist a bhaineann le go mbeadh guth ag leanaí. Dírigh aird na leanaí ar an bpóstaer faoi Chearta an Linbh, agus iarr orthu na cearta a bhaineann le hoideachas a ghlaoch a amach, chomh maith lena dtuairimí féin faoin oideachas.



FORBAIRT:

Díospóireacht Rothlach

2. Iarr ar na leanaí seasamh i lár an tseomra. Tar éis duit ráiteas a léamh amach, ba chóir do gach leanbh gluaiseacht i dtreo an chomhartha is fearr a léiríonn a t(h)uairim phearsanta féin. Iarr ar roinnt de na leanaí a ndearcadh a mhíniú agus bíodh plé leantach ann ina diaidh sin faoi thábhacht an oideachais. Seiceáil má tá aon leanbh a d'athraigh a dtuairim bhunaidh bunaithe ar thuairimí éagsúla a chuala siad. Iarr ar na leanaí gluaiseacht anois go dtí dearcadh a léiríonn a dtuairim nua.

Ráitis faoin díospóireacht rothlach:

- Ba chóir do gach leanbh dul ar scoil.
- Tá sé saor in aisce dul ar scoil in Éirinn.
- Bíonn gá ag roinnt daoine le cúnamh breise ar scoil.
- Tá laethanta saoire scoile róghearr.

GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 1:

Cuir i gcuimhne do leanaí faoi Chomhairle na Scoile ar chuala siad ina thaobh i nGníomhaíocht 2. Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar, agus bíodh duine amháin ag breacadh síos nótaí agus iarr orthu saincheistanna a liostáil ar mhaith leo go ndéanfadh cruinniú comhairle na scoile breithniú orthu.

Faigh aiseolas ó na grúpaí, agus liostáil na saincheistanna ar an gclár. Labhair faoi cé a d'fhéadfadh rud éigin a dhéanamh leis na saincheistanna luaite. Déan iniúchadh ar cibé acu ar féidir leis na leanaí aon cheann de na saincheistanna a chur i ngníomh. Seans go mbeidh ort a mhíniú dóibh go bhfuil polasaithe áirithe scoile nach féidir a athrú m.sh. laethanta saoire scoile.





NÓ

GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 2:

Mínigh go bhfuil roinnt leanaí a bhfuil gá acu le cúnamh breise ionas go bhfaighidh siad oideachas iomlán. Iarr ar leanaí a mhíniú cé hiad na leanaí sin agus cúiseanna a thabhairt lena moltaí. Breac siad a dtuairimí.

Dáil rólchártaí maidir le Bileog 5 in éineacht le leathanach bán A4 ar na grúpaí leanaí. Cinnfidh gach grúpa ar an gcaoi ar féidir tacú leis an leanbh sin oideachas iomlán a fháil. Is féidir leo an leanbh a tharraingt i gciorcal i lár an leathanaigh agus is féidir leo ciorcail eile a tharraingt mórthimpeall an leathanaigh le pictiúir de na bealaí ar féidir le leanbh fáil iomlán a bheith acu ar oideachas – m.sh. rampaí do leanaí i gcathaoireacha rotha srl.

NÓ

GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 3:

Gníomhaíocht na gCéimeanna Móra.

Tabhair rólchárta do gach leanbh agus iarr orthu a shamhlú gurb iad siúd an duine sin. Seasfaidh siad lena ndroim leis an mballa sa seomra ranga. Léifidh an múinteoir roinnt ráiteas agus iarrfar ar an leanaí:

- céim mhór a thógáil má bhaineann an ráiteas go hiomlán leo.
- céim bheag a thógáil má bhaineann an ráiteas leo ar bhealach éigin ach ní go hiomlán.
- gan aon chéim a thógáil mura mbhaineann an ráiteas leo ar chor ar bit.

Ráitis:

- Sroichim an scoil in am gach maidin.
- Téim ar scoil gach lá.
- Faighim cabhair ó mo thuismitheoirí chun m'obair bhaile a dhéanamh más gá.
- Tuigim i gcónraí cad atá á rá ag an múinteoir.
- Táim cinnte de go gcríochnóidh mé an iar-bhunscoil.
- Is féidir liom páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí uile ar scoil.

Rólchártaí Oideachais



Cormac is ainm duit. Tá tú 9 mbliana d'aois agus tá cónaí ort le do chlann i mBaile Átha Cliath. Tuigeann tú go bhfuil grá ag do mháthair duit. Bhí fadhbanna aici nuair a bhí síse ag freastal ar scoil agus níor fhoghlaim sí conas scríobh ná léamh rómhaith ach teastaíonn uaithi go n-éireoidh leatsa ar scoil. Níl mórán airgid ag do chlann.



Áine is ainm duit agus tá tú 8 mbliana d'aois. Tá disléicse ort rud a chiallaíonn go bhfuil sé deacair ort léamh agus scríobh. Tá a ghnó féin ag d'athair agus oibríonn sé go déanach gach oíche. Tá disléicse ag do mháthair chomh maith. Tá grá ag do thuismitheoirí duit agus teastaíonn uathu tacú leat.



Claudia is ainm duit. Tá tú 10 mbliana d'aoise. Bhog tú féin agus do chlann go hÉirinn ón bPolainn bliain ó shin. Tá tú ag foghlaim Béarla. D'fhreastail do thuismitheoirí beirt ar an Ollscoil sa Pholainn agus teastaíonn uaitse do chuid iar-bhunscolaíochta a chríochnú agus freastal ar an gcoláiste. Tá do thuismitheoirí ag foghlaim conas Béarla a labhairt. Braitheann tusa go bhfuil an t-ádh ort a bheith i gclann chomh grámhar.



Dáibhí is ainm duit. Tá tú 9 mbliana d'aois. Tá tú ag cónaí le do chlann i láithreán stad le do chlann i gCorcaigh. Tá grá mór ag do thuismitheoirí duit. Tá gnó maith ag d'athair agus is féidir leat cuidiú leis i ndiaidh scoile agus ag an deireadh seachtaine. Teastaíonn uaidh go gcríochnóidh tú rang a 6 chun gur féidir leat dul ag obair leis go lánaimseartha. D'fhág formhór do chol ceathracha agus do chairde an scoil tar éis na bunscoile.



Laura is ainm duit. Tá tú 8 mbliana d'aois agus úsáideann tú cathaoir rotha. Cónaíonn tú le do chlann, a thugann grá duit agus a dhéanann cúram díot. Téann tú go dtí an scoil áitiúil le do dheirfiúracha. Roinnt de na laethanta bíonn ort fanacht sa bhaile ón scoil chun cóir leighis speisialta a thógáil. Ní raibh tú ábalta dul ar an turas scoile anuraidh mar nach dtógadh an bus an chathaoir rotha. I mbliana chinntigh do mhúinteoir go bhféadfá páirt a ghlacadh sna ranganna corpoideachais go léir, ach níor chinntigh gach múinteoir amhlaidh agus dá bhrí sin bhí tú ag amharc ar na himeachtaí seachas ag glacadh páirte iontu.

GNÍOMHAÍOCHT 4

Teaghlach
agus Cúram



Teaghlach agus Cúram

Cuideoidh an ghníomhaíocht seo le leanaí iniúchadh a dhéanamh ar chineálacha éagsúla teaghlach agus ar na tacaí a mbíonn gá ag roinnt teaghlach leo. Molaimid go gcuirfeá an t-ábhar seo in oiriúint bunaithe ar an taithí atá agat ar na leanaí lena bhfuil tú ag obair.

Bunreacht, Airteagal 41 :

Tá áit speisialta ag an teaghlach sa tsochaí.

CNACL, Airteagail 7 agus 9:

Tá sé de cheart ag leanaí a bheith lena dtuismitheoirí nó leo siúd is fearr a thabharfaidh aire dóibh.

BEIDH GÁ AGAT LE:

- Dóthain cóipeanna de bhileog gníomhaíochta 6 : Meaitseáil Teaghlaigh ionas go bhfaighidh gach leanbh líníocht nó cur síos (Ag brath ar chomhdhéanamh do ranga d'fhéadfá níos mó den chur síos nó níos lú den chur síos a bheith ann)
- Dóthain cóipeanna de bhileog gníomhaíochta 7 'Teaghlaigh' chun go bhfaigheadh gach grúpa scéal amháin agus bileog le ceisteanna.
- Póstaer – Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh

CUSPÓIRÍ:

Déanfaidh na leanaí:

- Iniúchadh ar na cineálacha éagsúla teaghlach agus iad a phlé
- Labhairt faoi na bealaí a mbeadh gá ag teaghlaigh le tuilleadh cabhrach agus tacaíochta ag amanna deacra



NASC BAILE

Teaghlach agus Cúram

RÉAMHRÁ:

1. Mínigh go ndúirt leanaí agus daoine óga ar fud na hÉireann leis an Ombudsman do Leanaí gurb í an tsaincheist ‘teaghlach agus cúram’ an tsaincheist is tábhachtaí ina dtuairim. Labhair faoi chineálacha éagsúla teaghlach. Cinntigh go dtuigeann gach duine na téarmaí seo a leanas: uchtáil, cúram altramais, leas-tuismitheoirí, teaghlaigh aontuismitheora, srl.

FORBAIRT:

2. Tabhair líníocht nó cur síos ó bhileog gníomhaíochta 6 do gach leanbh. Iarr ar na leanaí siúl timpeall an tseomra chun an duine leis an líníocht/gcur síos meaitseála a aimsiú. A luaithe is a aimsíonn siad an duine sin is féidir leo suí síos.

3. Lorg aiseolas ó na péirí maidir leis na cineálacha teaghlaigh a d’aimsigh siad. An féidir leo aon chineálacha eile a aimsiú?

GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH:

Breathnaigh ar an bpóstaer maidir le Coinbhinsiún na An um Chearta na Linbh. Iarr ar na leanaí na míreanna a roghnú a bhaineann le teaghlaigh.

Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar. Tabhair ceann de na scéalta faoi theaghlaigh ó bhileog gníomhaíochta 7 dóibh.

Iarr ar na leanaí bealaí a liostáil ar féidir tacú leo chun a chinntiú go n-urramaítear cearta gach linbh sa teaghlach.

Coinnigh taifead de smaointe na leanaí agus cuir iad ar taispeáint.

NASC BAILE:

Iarr ar na leanaí grianghraif a thabhairt isteach dá dteaghlach féin nó bailigh grianghraif ó irisleabhair de chineálacha éagsúla teaghlaigh chun colláis ranga a dhéanamh.



Meaitseáil Teaghlach



Cónaíonn Barra
lena mháthair,
lena athair agus
lena dheirfiúr óg.

1

Cónaíonn Aoife
lena máthair le
linn na seachtaine
agus lena hathair
ag an deireadh
seachtaine.

2

Cónaíonn Daibhí lena
dheartháir agus lena
mháthair agus lena
sheanmháthair.

3

Cónaíonn Áine lena
deartháir, lena deirfiúr,
lena hathair agus lena
leasmháthair. Feiceann
siad a máthair le linn
na seachtaine agus
fanann siad léi ag an
deireadh seachtaine.

4

Cónaíonn Isabelle
lena máthair
agus lena hathair.
D'uchtaigh siad í
ó dhílleachtlan
sa Téalainn.

5

Tá Seán agus a
dheartháir ag cónaí
lena mháthair
agus lena athair a
d'uchtaigh é cúpla
seachtain ó shin.

6

Cónaíonn Geraldine lena
triúr deartháireacha,
lena máthair agus lena
hathair. Cónaíonn a
seanmháthair leo ón
uair a fuair a seanathair
bás bliain ó shin.

7

Cónaíonn Pól
lena beirt
dheartháireacha,
lena mháthair
agus lena athair.

8



Teaghlaigh

Tá Méabh 8 mbliana d'aois. Cónaíonn sí lena tuismitheoirí agus lena deartháir Liam agus lena deirfiúr Eilís. Tá Eilís 6 bliana d'aois agus tá riachtanais speisialta aici agus tá sí i gcathaoir rotha. Freastalaíonn sí ar scoil speisialta. Is breá le Méabh í a bheith timpeall uirthi agus is féidir léi í a chur ag gáire. Oibríonn máthair Méabh an-dian chun aire a thabhairt dá leanaí go léir agus ní bhfaigheann sí mórán codlata mar go ndúisíonn Eilís roinnt mhaith istoíche. Tá céimeanna suas go dtí an teach ina bhfuil an teaghlach ina gcónaí agus tá na doirse cuíosach cúng. De réir mar a fhásann Eilís ba mhaith leis an teaghlach a chinntiú go mbeidh sí compordach agus go ndéanfar cúram ceart di.

Tá Kwame 10 mbliana d'aois. Tá sé ag cónaí le teaghlach a d'uchtaigh é le trí mhí anuas. Téann sé chun cuairt a thabhairt ar a mháthair gach deireadh seachtaine agus tá súil aige dul ar ais chun cónaí léi nuair a bheidh sí in ann cúram a dhéanamh dó. Bhí an teaghlach a d'uchtaigh é an-mhaith dó, agus réitíonn sé go maith lena dheartháireacha agus a dheirfiúracha uchtaithe sa teaghlach sin, ach b'fhearr leis go mór a bheith ag cónaí sa bhaile lena mháthair

Tá Sarah 9 mbliana d'aois. Cónaíonn sí lena máthair agus lena beirt deartháireacha, agus lena deirfiúracha atá níos óige ná í. Tá grá aici dóibh uile, ach uaireanta ní réitíonn siad lena chéile mar go mbíonn siad ag troid agus go mbíonn an-chuid torainn ann. Chonaic Sarah Supernanny ar an teilifís uair amháin agus ba bhreá léi dá dtabharfadh Supernanny cuairt ar an teach aici siúd, agus roinnt síochána a thabhairt léi!

Freagair na ceisteanna seo a leanas:

Cad iad na dúshláin ag an teaghlach seo?

Cad a dhéanfadh an saol níos fusa?

Cá bhfaighidís tacaíocht, dar leat?

GNÍOMHAÍOCHT 5

Súgradh



Súgradh

Tríd an ngníomhaíocht seo, féadfaidh leanaí iniúchadh a dhéanamh ar chearta agus freagrachtaí trí mheán an tsúgartha.

CNACL, Article 31:

Tá ceart chun súgartha agus chun sosa ag leanaí.

CUSPÓIRÍ:

Déanfaidh na leanaí:

- Breithniú ar cé na daoine a bhfuil freagrachtaí comhroinnte orthu, ag díriú ar fhreagrachtaí a bhaineann le háiteanna súgartha;
- Struchtúr tríthoiseach cruthaitheach a thógáil den chlós súgartha idéalach.

BEIDH GÁ AGAT LE:

- Bileog gníomhaíochta 8 (is féidir leat seo a léamh os ard do na leanaí nó cóip a thabhairt den bhileog do gach leanbh le léamh)
- Bileog gníomhaíochta 9
- Póstaer – Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh



Súgradh

RÉAMHRÁ:

1. Imir cluichí tobsmaointeoireachta/fóillíochta leis na leanaí nó scríobh liosta díobh.

FORBAIRT:

2. Léigh an scéal maidir le Sarah agus lena clós súgartha do na leanaí agus déan cóipeanna den scéal do na leanaí chun gur féidir leo é a léamh ar a gconlán féin.

3. Tar éis Cuid 1 a léamh fiafraigh díobh cad é an chéad rud eile a tharlóidh sa scéal. Tar éis Cuid 2 a léamh fiafraigh díobh:

- An bhfuil áit agat in aice le do theach ar féidir leat súgradh ann?
- Cad iad na rudaí is maith leat faoin áit sin/Ar mhaith leat áit mar sin a bheith agat?
- Cén chaoi ar bhraith Sarah agus a cairde nuair a chonaic siad an damáiste a rinneadh don chlós súgartha?
- An dóigh leat gur smaoineamh maith é cruinniú a bheith acu? Cén fáth/cén fáth nárbh ea?
- Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach áiteanna a bheith ann chun súgartha?
- An bhfuil rudaí áirithe ar mhaith leatsa a fheiceáil in áit súgartha le haghaidh leanaí ar chomhaois leatsa?

4. Dírigh aird na leanaí ar an bpóstaer ar Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh agus pointeáil i dtreo na nithe atá le rá ann. Mínigh do na leanaí go bhfuil

sé de cheart acu a bheith ag súgradh.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ LEANTACHA:

Amharcealaíona

I bpéirí nó i ngrúpaí de thriúr, iarr ar na leanaí an clós súgartha idéalach, ina dtuairim, a dhearadh agus a tharraingt. Cuidigh leis na leanaí iosta rialacha a dhréachtú don chlós. Cuir ina luí ar na leanaí a chur san áireamh riachtanais na leanaí éagsúla, leanaí faoi mhíchumas san áireamh, agus ábhair thógála a roghnú a chuideodh leis an damáiste don chlós a íoslaghdú. Cuir obair chríochnaithe na leanaí ar taispeáint.

nó

Drámaíocht

Iarr ar na leanaí príomhphointí ón scéal faoin gClós Pobail a roghnú agus:

- Cruthaigh pictiúr de na príomhphointí sin e.g. teacht ar chlós a bhfuil damáiste déanta dó
- Iarr ar dhuine de na leanaí ról an chathaoirligh a ghlacadh ag cruinniú agus tuairimí na leanaí a lorg.

NAC BAILE:

Iarr ar na leanaí bileog gníomhaíochta 9 a chríochnú. Áirítear ann moltaí do phlé le tuismitheoirí.



Súgradh Clós Pobail

Cuid 1

Laethanta saoire ar deireadh! Bhraith Sarah nach dtiocfadh seachtain dheireanach na scoile chun deiridh in aon chor, ach anois bhí an lá tagtha, - ní bheadh aon scoil ann ar feadh ocht seachtaine eile! Rith sí abhaile agus bhain sí a héide scoile. Bhuail sí lena cairde Christina agus Megan sa pháirc in aice na háite ina raibh cónaí uirthi. 'Teastaíonn uaim go bhfillfidh tú anseo le haghaidh dinnéir ag a 3 a chlog arsa a máthair agus í ag rás síos na céimeanna.

Ach ní fhéadfadh sí é a chreidiúint nuair a shroich sí an clós súgartha sa pháirc. Bhí glas ar na geataí agus d'fhéadfaí a thabhairt faoi deara tríd na ráillí gur tharla tine sa chlós. Bhí na háiseanna súgartha go léir réabtha ag an tine.

Bhí roinnt máithreacha ag seasamh timpeall lena leanaí óga go dtí gur tháinig an maor chun a mhíniú dóibh cad a tharla. Chonacthas grúpa daoine ag spaisteoireacht agus ag ól an oíche roimh ré agus thosaíodar an tine a rinne an damáiste go léir.

Bhí roinnt de na leanaí óga ag caoineadh. Bhí Sarah agus a cairde rófhásta chun a bheith ag caoineadh ach bhí siad bréan ar fad faoin scéal. Cá mbuailfidís lena chéile anois agus cá n-imreoidís lena chéile? Níor theastaigh ó na máithreacha go mbeidís ag súgradh ar an mbóthar, mar go raibh sé róghnóthach agus níor theastaigh uathu a bheith ag fanacht i dtithe a chéile an t-am ar fad.

Cuid 2

Cúpla seachtain ina dhiaidh sin bhí cruinniú ag Sarah agus a cairde agus a dtuismitheoirí. Bhí cruinniú á reáchtáil

ag roinnt de na daoine fásta sa cheantar le comhairleoir áitiúil chun labhairt faoin áit súgartha nua a chur ar fáil. Mheas roinnt daoine gur chóir dóibh iarraidh ar an gcomhairle an clós súgartha céanna a atógáil ach ballaí arda a chur mórthimpeall air agus é a chur faoi ghlas istoíche. Mheas daoine eile nár chóir clós súgartha a bheith ann in aon chor mar go raibh sé ag mealladh na ndrochdhaoine chuig an gceantar. Ar deireadh thiar chuir Sarah suas a lámh chun cainte. Tar éis tamall fada thug na daoine ag an mbord bairr faoi deara a lámh agus d'fhiafraigh siad di a raibh le rá aici.

'Thaitin sé go mór liomsa agus le mo chairde a bheith ag súgradh agus ag bualadh le chéile sa seanchlós, ach mheasamar go bhféadfadh sé a bheith níos oiriúnaí do leanaí níos sine. Mheasamar go mbeadh sé go maith roinnt de a bheith dírithe ar leanaí níos óige agus roinnt ar leanaí níos sine.'

Bhí Sarah ag crith tar éis a bheith ag caint os comhair an méid sin daoine, ach dúirt a máthair léi go ndearna sí an-jab de agus bhí sí bródúil aisti. Tar éis sin ní dhearna an chomhairle aon rud róghasta go dtí go bhfuair siad amach céard a bhí ag teastáil ó na leanaí níos óige agus níos sine araon ar dtús. Ina dhiaidh sin, reáchtáladar ceardlanna agus cruinnithe le leanaí agus le daoine fásta. Thóg sé achar fada, ach ar deireadh thiar fuair na leanaí clós súgartha nua nach bhféadfaí é a chur trí thine. Bhí páirc scátála agus áit súgartha do bháibíní agus do leanaí níos sine.

Tá súil ag Sarah go dtabharfaidh gach éinne aire do na háitheanna súgartha nua agus go mbraithfidh siad go léir go mbaineann siad leo.

Súgradh

Cuardach Focal – An féidir leat na focail faoi cheilt a aimsiú?

LEABHAIR	SPÓRT	CLÓS	SCOIL
OIDEACHAS	FOGHLAIM	LÉAMH	SNÁMH
CAIRDE	SÚGRADH	RITH	

S L E S Ú G R A D H I O T L
 P E N N O I T H O L U R F R
 Ó A U Á D I S D A S K O O B
 R B M M J U I T B K H B O V A
 T H W H B H T T A V H L Z E N
 S A N G L C L Ó S C J A Z Z A
 Z I A Y R O L I R I T H I S A
 G R A A F B M N R X O D Q W T
 S N T L É A M H I R F G E I F
 B C I É G N I N N U R P F M V
 O I D E A C H A S S C O I L P
 B K T M A I N L Q C N Y H I P
 C A I H D E A L Y I E N Z N F
 N Q Q I X L R C A I R D E G J
 F O G H L A I M B P Y J J J T



Labhair sa bhaile faoi Shinéad agus an clós súgartha áitiúil.

Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra: _____

GNÍOMHAÍOCHT 6

Sláinte & Maoin



Sláinte & Maoin

Dar le staitisticí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (POS) bhí leanbh amháin ach gach 16 in Éirinn a bhí ag maireachtáil faoi bhochtaineacht leanúnach i 2008.¹

Téann bochtaineacht i gcion ar gach réimse d'fhorbairt an linbh. Áiríonn an ghníomhaíocht seo cás-staidéar chun cuidiú linn seo a léiriú.

CNACL Airteagail 24 agus 27:

Tá sé de cheart ag leanaí an cúram sláinte is fhearr a fháil, uisce óil sábháilte a fháil, bia cothaitheach a fháil, cónaí i dtimpeallacht ghlan shábháilte, agus eolas a fháil a chuideoidh lena bhfolláine.

CUSPÓIR:

Déanfaidh leanaí iniúchadh ar an gcaoi a dtéann bochtaineacht i gcion ar leanaí atá ina gcónaí in Éirinn.

BEIDH GÁ AGAT LE:

- Póstaer – Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh

1. Sainmhíniú ar bhochtaineacht leanúnach é ioncam a bheith agat atá 60% níos lú ná an meánioncam indíuscartha agus gan teacht a bheith agat ar earraí ar nós cóta te agus téamh baile. Chun tuilleadh eolais a fháil ar bhochtaineacht linbh, téigh chuig www.endchildpoverty.ie.



RÉAMHRÁ:

1. Athbhreithniú ar na saincheistanna a clúdaíodh go dtí seo. Mínigh gur féidir leis an gcéad saincheist eile a ndéanfaidh sibh iniúchadh uirthi lena chéile dul i bhfeidhm ar beagnach gach saincheist eile. Seo saincheist na bochtaineachta.

FORBAIRT:

2. Léigh amach an cás-staidéar.
3. Cuidigh leis na leanaí labhairt faoin gcaoi a gcuireann sé isteach ar réimsí éagsúla de shaol Sheáin nach bhfuil dóthain airgid aige.
4. Bain úsáid as an bpóstaer Coinbhinsiún na NA um Cheart an Linbh mar phointe tagartha, agus cuidigh leis na leanaí cearta a shainaithint agus a phlé atá á sing the UN Convention on the Rights of the Child atá á.
5. Cuidigh leis na leanaí smaoineamh ar bhealaí inar féidir leis an rialtas a chinntiú go bhfuil dóthain airgid ag leanaí in Éirinn chun a bheith sláintiúil, folláin agus an cúnamh agus tacaíocht a theastaíonn uathu a fháil (m.sh. cúram sláinte saor in aisce agus oideachas.).
6. Iarr ar na leanaí a shamhlú go bhfuil siad ina mbaill de ghrúpa ar a dtugtar Páirtí na Leanaí. Teastaíonn ón bpáirtí seo a chinntiú go n-urramaítear cearta gach linbh in Éirinn. Iarr ar na leanaí oibriú i ngrúpaí de 3 nó 4 chun liosta a scríobh de na nithe a d'athróidís sa tír dá mbeidís i gceannas na tíre.

**NASC BAILE:**

Iarr ar na leanaí suíomhanna áirithe ó shaol John a léiriú don obair bhaile. Cuir an obair ar taispeáint sa seomra ranga.

Cás-staidéar

Tá cónaí ar Sheán agus a theaghlach i dteach i mbaile beag. Tá cúigear eile sa chlann. D'fhág a athair an baile cúpla mí ó shin agus caithfidh a mháthair aire a thabhairt don teaghlach. Tá an t-eastát ag an taobh eile den bhaile ón scoil agus ó na siopaí. Níl aon áit súgartha ann agus mar sin suíonn Seán agus a chairde ar na ballaí nó féachann siad ar an teilifís. Níl aon teas sa teach; téann an t-oigheann an t-uisce, agus mar sin bíonn ar na leanaí iad féin a ní le huisce fuar gach maidin. Tá an bia sa siopa áitiúil costasach agus mar sin ní itheann siad glasraí ná torthaí úra go minic mar ba mhaith leo. Dá mbeadh bus ann d'fhéadfadh máthair Sheáin dul chuig an mbaile mór chun bia níos saoire a cheannach san ollmhargadh. Fuair máthair Sheáin iasacht airgid chun culaith Céad Chomaoineach a cheannach dó.

Tá rang Sheáin ag dul ar thuras scoile ach níl Seán chun a rá lena mháthair ina thaobh mar go bhfuil a fhios aige nach mbeidh dóthain airgid ann dó. Uaireanta bíonn sé pianmhar do Sheán dul ar scoil. Uaireanta déantar bulaíocht air mar nach bhfuil na bróga reatha is fearr á chaitheamh aige. Caithfidh deartháir níos sine le Séan obráid a fháil ach beidh sé ag feitheamh ar feadh tamall fada. Dúirt a mháthair dá bhféadfaidís díol as nach mbeadh air fanacht chomh fada.

Ní cheapann Seán go bhfuil sé seo cóir ná cothrom agus d'fhoghlaim sé ar scoil go bhfuil sé de cheart ag leanaí oideachas agus cúram sláinte saor in aisce a fháil ach ní bhraitheann sé go bhfuil sé saor in aisce.

GNÍOMHAÍOCHT 7

An Dlí



An Dlí

Forbraíonn an ghníomhaíocht seo feasacht leanaí ar ról na ngardaí agus an tábhacht a bhaineann le huimhir na seirbhísí éigeandála a úsáid i gceart.

CUSPÓIR:

Gheobhaidh leanaí:

- tuilleadh eolais faoi obair na ngardaí ina gcomhphobail;
- eolas ar conas uimhreacha na seirbhísí a úsáid.

BEIDH GÁ:

- Dul i dteagmháil leis an stáisiún gardaí áitiúil chun fiosrú an bhfuil Oifigeach Teagmhála Pobail ar fáil le labhairt leis na leanaí faoi ról na ngardaí, sábháilteacht bóthair agus faoi shaincheisteanna ábhartha eile.

Nóta do Mhúinteoirí:

Léirigh taighde de chuid Choláiste Ollscoile, Corcaigh don OCO ar chonstaicí do leanaí atá ag lorg a gcearta go bhfuil na leanaí atá i gcoimhlint leis an dlí agus a bhíonn bainteach leis an gcóras ceartais choiriúil i measc na ngrúpaí éagsúla leanaí in Éirinn a bhfuil ilchonstaicí os a gcomhair maidir lena gcearta a chomhlíonadh. Ar an mbonn seo, bheartaíomar gníomhaíocht a fhorbairt a chuirfeadh ar chumas leanaí sóisearacha aghaidh a thabhairt ar an téama 'leanaí agus an dlí' ar bhealach a bheadh in oiriúint dá n-aois, i.e. trí fhéachaint ar obair na ngardaí ag leibhéal pobail.

RÉAMHRÁ:

- Iarr ar na leanaí liostú a dhéanamh ar na daoine a dhéanann obair inár gcomhphobail d'fhonn cabhrú linn. Liostáil iad seo ar an gclár.
- Imir searáidí leis an rang ag úsáid an liosta ar an gclár.
- Mínigh do na leanaí go bhfuil siad chun tuilleadh eolais a fháil ar obair An Gharda Síochána.
- Fiafraigh de na leanaí céard a cheapann siad siúd a bhíonn ar siúl ag garda. Liostaigh iad seo ar an gclár.



FORBAIRT:*Ról na ngardaí*

Cabhraigh leis na leanaí samhlú gur iarradh orthu póstaer a chruthú ar aidhm dó daoine a earcú do na gardaí. I ngrúpaí de thriúr, cruthóidh na leanaí póstaer ag sonrú na saghsanna gnéithe a cheapann siad siúd is cóir a bheith ag garda – mar shampla, éisteoir maith, socair, in ann an dá thaobh de shuíomh a fheiceáil. Tabhair roinnt ama do na leanaí a bpóstaer a dhearadh agus a mhaisiú.

GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 1:*Na Seirbhísí Éigeandála*

Léigh an cás seo a leanas amach do na leanaí:

Bhí Jake, atá 7 mbliana d'aois, agus a mháthair sa bhaile tráthnóna amháin. Bhí máthair Jake ina seasamh ar chathaoir ag iarraidh teacht ar sheilf ard nuair a thit sí agus bhuail sí a cloigeann. Chuaigh Jake chuici go tapa, ach ní fhéadfadh sí labhairt leis. Bhí sí gan aithne.

Pléigh: Céard is cóir do Jake a dhéanamh? Céard a dhéanfá féin?

D'inis Máthair Jake dó cheana faoi conas glaoch ar na seirbhísí éigeandála dá mbeadh timpiste nó éigeandáil ann agus go raibh cabhair de dhíth air. Fuair Jake an guthán agus ghlaoigh sé 999 dá bharr. Bhí an bhean a d'fhreagair an guthán an-socair nuair a labhair sí leis. Bhí Jake in ann an seoladh don áit ina raibh sé féin is a mháthair ina gcónaí a thabhairt di. D'inis sí dó go raibh an t-otharcharr ar a shlí. Choinnigh an bhean uirthi ag labhairt agus i ndiaidh 10 nóiméad buailleadh cnag ar an

doras. Beirt ghardaí a bhí ann.

Chabhraigh duine amháin acu le máthair Jake, a bhí ina dúiseacht faoin taca seo, agus bhí an garda eile ag caint le Jake ag rá leis cé chomh cróga agus cliste is a bhí sé an rud ceart a dhéanamh. Tháinig an t-otharcharr agus tógadh máthair Jake chuig an ospidéal. Coinníodh thar oíche í agus d'fhill sí ar a baile an lá dár gcionn, ag insint do chách faoina laoch, Jake, a tháinig i gcabhair uirthi in am an ghátair!

Gníomhaíocht leantach:

- Iarr ar na leanaí dul i mbeirteanna. Seiceáil an bhfuil a seoladh baile féin ar eolas ag gach duine. Tabhair tréimhse ama dóibh i gcomhar a chéile chun cleachtadh a dhéanamh ar ghlaoch a chur ar an uimhir éigeandála 999. (Cuir na leanaí ar an eolas go bhfuil uimhir eile ann chun teacht ar na seirbhísí éigeandála, 112.)
- Cruthaigh comhrá leis na leanaí faoin dainséar a bhaineann le glao núise a chur ar na seirbhísí éigeandála.
- Cabhraigh leis na leanaí teachtaireacht tharraingteach a chumadh faoin tábhacht a bhaineann le huimhir na seirbhísí éigeandála a úsáid i gceart agus póstaer mealltach nó a leithéid a chruthú ag léiriú a dteachtaireachta. Déan cinnte go mbíonn an deis ag na leanaí a gcuid póstaer a chur ar taispeáint in áit shuntasach sa scoil ina mbeidh leanaí eile in ann iad a fheiceáil.

NÓTA: I gcomhthéacs na gníomhaíochta seo, déan cinnte go mbíonn a fhios ag na leanaí nár chóir an t-eolas pearsanta seo, ar nós a seolta baile, a thabhairt do strainséirí



NÓ

GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 2

An Garda Pobail

Léigh amach an cás staidéar seo a leanas do na leanaí:

Tá Hayley ag freastal ar rang a trí i scoil mhór i gCorcaigh. Tá an scoil an-ghar dá teach agus is féidir léi siúl chuige beagnach gach lá, agus buaileann sí lena cairde ar a slí ar scoil. Réitíonn sí go measartha maith lena múinteoirí. Bíonn an-spraoi go deo aici agus í ag súgradh sa chlós. Tá gach pasáiste sa scoil lán de líníochtaí, pictiúir agus grianghraif agus tá sé go deas geal istigh. An t-aon fhadhb ná go mbíonn graifítí ar na ballaí timpeall na scoile agus ar sheid na scoile gach Luan. Ní an stuif deas a bhíonn le feiceáil go minic. Focail agus ainmneacha gránna amháin. Bíonn gloine bhriste sa chlós uaireanta chomh maith. Déanann an t-airíoch a dhícheall gach rud a ghlanadh suas roimh am sosa agus glacann sé an-chuid ama air péinteáil thar an ngraifítí. Tá an-chuid airgid á chaitheamh ag an bpríomhoide ar phéint.



Pléigh leis na leanaí: Céard a cheapann tusa is féidir a dhéanamh? An gceapann tú go bhfuil aon rud ar féidir leis na gardaí áitiúla a dhéanamh le cabhrú?

Gníomhaíocht leantach:

Iarr ar na leanaí samhlú go ndéanann an garda pobail cruinniú a eagrú do na daoine a bhfuil an graifítí ar bhallaí na scoile imithe i bhfeidhm orthu. Tabhair róil do na leanaí: an príomhoide, na múinteoirí, tuismitheoirí, daltaí, airíoch na scoile, na gardaí, comhairleoirí áitiúla, srl. Cabhraigh leis na leanaí rólghlacadh a dhéanamh den phlé a bhíonn ar siúl sa chruinniú, agus tar ar réitigh don bhfadhb atá sásúil do chách.

NÓ

GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 3



Cabhraigh leis na leanaí colláis a dhéanamh ar an téama 'Gardaí inár gComhphobal' ag úsáid pictiúr ó nuachtáin agus irisleabhar.

nó

Cabhraigh leis na leanaí tionscadal a dhéanamh ar sheirbhís éigeandála amháin in Éirinn nó níos mó agus spreag úsáid idirlín ina gcuid taighde. Gréasáin ábhartha iad seo a leanas:

An Garda Síochána:
www.garda.ie

Seirbhís Dóiteáin na hÉireann:
www.irishfireservices.ie

Báid Tarrthála:
www.rnli.org.uk/rnli_near_you/ireland

Tarrtháil Sléibhe:
www.mountainrescue.ie

NASC BAILE:



Iarr ar na leanaí iarraidh ar a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí liosta a chruthú d'uimhreacha teagmhála éigeandála ar féidir leis na leanaí a chur isteach ina ngutháin póca (má tá ceann acu) agus ar féidir a chur in aice an ghutháin bhaile nó in áit oiriúnach eile sa teach.



GNÍOMHAÍOCHT 8

Cluiche na gCeart



Cluiche na gCeart

Sa ghníomhaíocht seo, beidh deis ag na leanaí filleadh ar roinnt de na saincheistanna a clúdaíodh san acmhainn seo agus forbairt a dhéanamh ar a dtuiscint ar conas mar a bhaineann cearta an linbh agus obair an Ombudsman do Leanaí leis an saol laethúil.

CUSPÓIR:

Déanfaidh na leanaí:

- naisc a fheiceáil idir cearta ainmnithe san CNACL agus an saol laethúil;
- a bhfeasacht ar obair an Ombudsman do Leanaí a fhorbairt.

BEIDH GÁ LEO SEO:

Is féidir le leanaí an cluiche seo a imirt i ngrúpaí beaga, áit bhfuil gach grúpa déanta suas de 2 phéire leanaí ar a laghad. Beidh seo a leanas ag teastáil ó gach grúpa:

- cóip den chlár cluiche
- seit iomlán cártaí
- díse
- píosaí imeartha (d'fhéadfadh na leanaí féin iad seo a chruthú)

TREORACHA DON CHLUICHE

- Ba chóir na cártaí a mheascadh agus iad a chur aghaidh síos i gcarn .
- Déanann duine as gach beirt an díse a chaitheamh. Tosaíonn an duine/beirt leis an uimhir is airde an cluiche.
- Caitheann an chéad imreoir an díse

agus bogann siad chun tosaigh de réir na huimhreach ar an díse.

- Má stopann imreoir ar chearnóg uimhrithe, piocann a chéile imeartha cárta suas, léann siad os ard é agus leanann an t-imreoir na treoracha. Treoracha cosúil le téigh chun tosaigh, téigh chun cúil, nó caill do sheans. Má thagann cárta ceiste suas, mura dtuigeann imreoir an freagra, caithfidh sé/sí dul siar spás amháin ar an gclár.
- Coinnigh leis sin, le gach beirt ag glacadh seans leis an díse i ndiaidh a chéile
- An chéad duine/bheirt a sroicheann an deireadh é/iad an buaiteoir/na buaiteoirí, ach ba chóir don chluiche dul ar aghaidh go dtí go mbíonn gach imreoir/beirt tar éis an deireadh a shroicheadh.

I nDIAIDH NA GNÍOMHAÍOCHTA

- Nuair atá gach grúpa tar éis an cluiche a chríochnú, pléigh an cluiche le gach leanbh:

Céard a d'fhoghlaim tú faoi chearta an linbh?

Céard a d'fhoghlaim tú faoin Ombudsman do Leanaí?

An féidir leat samplaí a thabhairt d'aon suíomh eile ina dtugtar meas, nó easurraim, do chearta an linbh?



NASC BAILE

Gníomhaíocht 8: Cártaí Cluiche

1.

Foghlaímíonn tú féin agus do chairde faoin Ombudsman do Leanaí. Is é an post atá aici ná cinnte a dhéanamh de go gcaitear go cóir le leanaí atá ag maireachtáil in Éirinn.

Bog 2 spás chun tosaigh.

2.

Beartaíonn tú ar chomhairle daltaí a bhunú i do scoil chun go n-éistfear le do thuairimí. Ceapann gach duine gur smaoineamh maith é.

Bog 2 spás chun tosaigh más féidir leat dhá shaincheist a dhéanfadh comhairle daltaí i do scoil féin a phlé agus oibriú orthu.

3.

Níl aon rampa nó ardaitheoir i do scoil do dhaoine a úsáideann cathaoireacha rothaí nó a bhfuil deacrachtaí acu bheith ag siúl.

Bog spás amháin chun cúil.

4.

Tá cailín nua tar éis teacht isteach sa scoil ó thír eile agus is é Béarla a dara teanga. De bharr ciorruithe, ní bhfaighidh sí tacaíocht bhreise Béarla a fhoghlaim.

Cén ceart a bhfuil neamhaird á tabhairt air anseo? Caill seans mura bhfuil a fhios agat.

5.

Tá múinteoir i do scoil a bhfuil mar phost aige/ aici a chinntiú go dtéann leanaí ar scoil.

Bog 2 spás chun tosaigh.

6.

Foghlaímíonn tú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ar scoil. Is liosta mór de chearta gach linbh faoi aois a 18 é an Coinbhinsiún.

Bog 1 spás eile chun tosaigh má tá a fhios agat.

Pointe breise: Cén ceart a bhfuil meas á léiriú air anseo? Bog dhá spás chun tosaigh.

7.

Tá aithne agat ar bhuachaill a bhfuil air cúram a dhéanamh dá mháthair toisc go bhfuil sí breoite. Níl an t-am aige bheith ag súgradh i ndiaidh scoile.

Cén ceart atá á shéanadh anseo? Bog 2 spás chun tosaigh má tá a fhios agat.

8.

Is Taistealaí é do chara. Ba mhaith leis bheith ina bhall den chlub óige áitiúil, ach ní ligfidh siad dó. Ceapann sé siúd gur de bharr é a bheith ina Thaistealaí é seo.

Caill seans nó freagair cárta ceiste.

9.

Ta deartháir do chara faoi mhíchumas. Chabhraigh an tOmbudsman do Leanaí le cinntiú go dtabharfadh an tÚdarás Áitiúil cuí teach don chlann a bheadh in oiriúint dá riachtanais.

Bog dhá spás chun tosaigh.

Pointe Breise: Cén ceart a bhfuil meas á léiriú air anseo? Bog 1 spás chun tosaigh má tá a fhios agat.

10.

Cónaíonn do chairde i sráidbhaile beag. Níl aon chlós súgartha timpeall ar an gceantar ná páirc phoiblí inar féidir leo súgradh.

Bog siar 3 spás.

11.

Bhí do dheartháir ag baint faoi lena chairde sa phlásóg áitiúil agus dúirt na gardaí leo bogadh ar aghaidh, cé nach raibh aon rud as áit déanta acu.

Bog siar 2 spás.

12.

D'fhoghlaim tú go mba chóir duit glaoch gutháin a chur má tá cabhair ag teastáil uait go géar. Má úsáideann tú an uimhir éigeandála, cuirfear i dteagmháil le daoine gur féidir leo cabhrú leat.

Bog dhá spás chun tosaigh.

Pointe Breise: Céard é an uimhir éigeandála? Más eol duit an freagra, caith an díisle arís.

13.

Tá Bus Pobail ag an Stáisiún Áitiúil Gardaí agus tógann an Garda Pobail grúpa daoibh ar thuras.

Bog 1 spás chun tosaigh.

14.

Tá deacrachtaí foghlama ag do chara agus tá sé deacair uirthi díriú i gceart ar scoil. Bhíodh an cuiditheoir ranga, Tom, in ann cabhrú léi trí shuí síos in aice léi chun tacú léi eagar a chur ar an obair. De bharr ciorruithe, ní bheidh an chabhair seo ar fáil di a thuilleadh.

Bog siar 2 spás.

15.

Q. Cad is ainm don Ombudsman do Leanaí in Eirinn?

A. Emily Logan

Bog 3 spás chun tosaigh

16.

Q. Ceard is Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ann?

A. Liosta cearta atá ag gach leanbh faoi aois a 18.

Bog 2 spás chun tosaigh

17.

Q. Conas a cheapann tú gur féidir le príomhoide scoile cinnte a dhéanamh de go n-éistfear le smaointe daltaí ar scoil?

Roinnt freagraí féideartha:

comhairle daltaí, coiste scoileanna glasa, bosca moltaí ranga, srl.

Bog 2 spás chun tosaigh do 1 nó níos mó moltaí indéanta.

18.

Q. Cén uimhir ar a nglaoonn tú má tá fheiceann tú timpiste?

A. 999 nó 112

Bog 2 spás chun tosaigh.

Gníomhaíocht 8: Clár Cluiche

TOSACH		1 			2 
		Pioc Cárta Ceiste	3 		
4 		5 			6 
8 			7 		10 
		9 			

CRÍOCH!

Comhghairdeas! Tá an-chuid foghlamtha agat faoi do chearta agus faoin Ombudsman do Leanaí!

Pioc Cáta Ceiste

14



Pioc Cáta Ceiste

13



12



Pioc Cáta Ceiste

11





Ballóid ar cheisteanna a bhaineann le leanaí

GNÍOMHAÍOCHT 9

*Do Ghuth,
Do Vóta*



Ballóid ar cheisteanna a bhaineann le leanaí

Do Ghuth, Do Vóta

EOLAS CÚLRA

Ghlac beagnach 75,000 leanbh agus níos mó ná 560 scoil agus ionad ar fud na tíre páirt sa tionscadal “an Bhallóid Mhór” a reáchtáil Oifig an Ombudsman do Leanaí i 2007. Chuir aiseolas, a fuarthas ó leanaí, múinteoirí agus príomhoidí, in iúl gur thug an Bhallóid Mhór deis do leanaí tuilleadh a fhoghlaim faoina gcearta; tuairimí a chur le chéile agus a nochtadh; agus páirt a ghlacadh i bpróiseas daonlathach trí vótaí a chaitheamh ar cheisteanna a bhaineann le cearta leanaí. Dúirt múinteoirí linn chomh maith go raibh leanaí gafa le, agus díograiseach mar gheall ar a bheith páirteach i mballóid agus vótaí a chaiteamh. Cuireann an ghníomhaíocht dheireanach leis an aiseolas nuair a thugtar moltaí d’fhonn ballóid a reáchtáil maidir le cearta leanaí.

AR CHÓIR DOM AN BHALLÓID A THÓGÁIL IN AON RANG AMHÁIN NÓ AR FUD NA SCOILE?

Cinnte, is féidir an bhallóid a thógáil in aon rang amháin. Ach, tuigtear go bhfeabhsaítear an leibhéal suime agus taitnimh, agus an t-eispéireas foghlama go mór nuair a thógtar an bhallóid ar fud na scoile. Más mhaith leat an bhallóid a thógáil ar fud na scoile, moltar duit agus do do chomhghleacaithe freagracht as an mballóid a reáchtáil a thabhairt do leanaí an 6ú rang. Cé acu an dtógann tú an bhallóid leis na leanaí i do rang amháin, nó an dtógann tú an bhallóid ar fud na scoile, beidh an ghníomhaíocht níos spráúla agus níos fiúntaí mar thaithí saoránachta má leagtar ról agus freagrachtaí ar na leanaí i rith an phróisis.



CÉ NA CEISTEANNA BA CHÓIR A CHUR SA BHALLÓID?

Nuair a thugtar deis do leanaí páirt a ghlacadh i mballóid atá dírithe ar na ceisteanna a phléigh siad i ngníomhartha eile an leabhair seo, beidh na leanaí in ann machnamh a dhéanamh ar thábhacht cinntí agus roghanna eolasacha. Is féidir deis a thabhairt do leanaí, áfach, ceisteanna tábhachtacha a bhaineann leo, mar shampla, ina gceantar áitiúil, a shainaithint, a chur in iúl i bhfocail agus ansin vótá a chaitheamh ina leith.

AISEOLAS CHUIG OIFIG AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ

Beimid an-sásta anseo in Oifig an Ombudsman do Leanaí aon aiseolas a fháil ó na leanaí faoi na ceisteanna ar chaith siad vóta orthu agus cén fáth a gceapann siad go bhfuil ceist nó dhó chomh tábhachtach sin. Is féidir leo teagmháil a dhéanamh linn ag:

oco@oco.ie

nó litir a sheoladh chugainn ag:

Torthaí ár mBallóide
Oifig an Ombudsman do Leanaí,
An Chéad Uirlár, Teach na Mílaoise
52-56 Sráid na Trá Mhór,
Baile Átha Cliath 1..

D'fhéadfadh na leanaí torthaí a mballóide a roinnt ag brath ar conas a thugann tú faoin ngníomhaíocht seo - mar shampla, le príomhoide agus bord bainistíochta na scoile; le comhairleoirí contae áitiúla agus teachtaí dála; nó le soláthraithe seirbhíse áitiúla agus le heagraíochtaí pobail.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ MAIDIR LE HÉASCÚ NA GNÍOMHAÍOCHTA SEO:

Cibé cén tslí a thugann tú faoin ngníomhaíocht seo, beidh ort na céimeanna thíos a thabhairt faoi deara chun:

- aoiseanna agus cumas na leanaí a chur san áireamh;
- an rang lena bhfuil tú ag obair a chur san áireamh;
- cinneadh a dhéanamh maidir le ballóid a thógáil in aon rang amháin nó ar fud na scoile;
- cinneadh a dhéanamh ar na ceisteanna a bheidh ar an mballóid; an mbainfidh siad leis na ceisteanna sa leabhar seo nó le ceisteanna a roghnaíonn na leanaí?

Má mhúineann tú naónáin shóisearacha nó shinsearacha agus tá do bhallóid dírithe ar cheisteanna a leanann ó na ceisteanna sa chúrsa seo, ba chóir duit na ceisteanna sna scéalta a chur i gcuimhne do na leanaí. I dtaca leis an vótáil, b'fhéidir go mbeadh sé níos feiliúnaí córas vótaíochta eile a réadtiomnú a bheadh níos éasca do leanaí ag an aois seo a thuiscint. Mar shampla, d'fhéadfá dath éagsúil a shannadh do gach ceist agus iarr ar na leanaí bloic, páipéar, nó ábhair eile daite atá ar fáil duit a úsáid d'fhonn a rogha a chur in iúl.

CUSPÓIRÍ:**Beidh leanaí in ann:**

- a dtuiscint ar an bpróiseas daonlathach a fhorbairt;
- ceisteanna a bhaineann leo a aithint agus a chur in ord tosaíochta;
- beart dearfach a dhéanamh maidir leis an gceist a roghnaíodh (roghnach)

CAD A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT:

- Páipéar ballóide a dhearadh agus cóipeanna a dhéanamh de, srl. chun an bhallóid a éascú (tá teimpléid curtha ar fáil sa leabhar seo).

GNÍOMHAÍOCHT**1. Ag ullmhú don Bhallóid***Gach rang:*

- Tabhair cúnamh do na leanaí súil siar chaitheamh ar na ceisteanna a chuir siad faoi chaibidil i ngníomhartha an leabhair seo. Mura bhfuil tú ag úsáid na gceisteanna sa leabhar seo mar bhunús do bhallóide, tabhair tacaíocht do na leanaí cúig cheist a bhaineann leo a shainaithint, mar shampla, a scoil nó a bpobal áitiúil.
- Sula ndéanfar an bhallóid, cuir na leanaí i ngrúpaí, grúpa do gach ceist ar an mballóid. Iarr ar gach grúpa cur i láthair gairid a dhéanamh maidir lena gceist d'fhonn í a chur ina luí ar na leanaí eile. D'fhéadfadh gach grúpa obair ealaíne a bhaineann leis an gceist a chur ar taispeáint agus/nó póstaer feachtais a dhearadh agus a chur ar taispeáint.
- Fógair an bhallóid agus na ceisteanna a roghnaíodh.
- Feabhsaigh feasacht ar nósanna imeachta na ballóide i measc na leanaí (i.e. cén fáth a bhfuil an bhallóid faoi rún, conas an páipéar ballóide a líonadh isteach) agus, tábhacht na dtoghchán inár sochaí i gcoitinne, srl.

Le haghaidh an ranga/an ghrúpa atá ag reáchtáil na ballóide:

- Caithfear an rang nó an grúpa, atá ag reáchtáil agus ag déanamh maoirseachta ar an bpróiseas, a chur ar an eolas faoi nósanna imeachta agus ról lárnaigh cosúil leis an gCeann Comhairimh, áiritheoirí, gardaí slándála le haghaidh bothanna vótaíochta nó boscaí, agus breathnóirí. Chomh maith leis sin, is féidir le leanaí cártaí eisiúna a dhéanamh agus iad a chur ar taispeántas in aice leis na boscaí vótaíochta; obair ealaíne/póstaeir a bhaineann le gach ceist a bhailiú ó na ranganna eile agus iad a chur ar taispeántas; agus páipéar ballóide a dhearadh/a ullmhú.
- Má tá tú ag obair in éineacht leis an ngrúpa reáchtála:
 - Tabhair cúnamh dóibh Ceann Comhairimh a roghnú;
 - Roinn an seicliosta ar bhileog gníomhaíocht 6;
 - Tabhair tacaíocht do na leanaí chun daoine a roghnú le haghaidh gach ról (ba chóir go mbeadh beirt chúntóirí ag an gCeann Comhairimh ar a laghad);
 - Tabhair cúnamh do na leanaí liosta dualgas a leagan amach agus a chur ar taispeántas..

2. An Bhallóid a Thógáil

- Beidh sé de dhualgas ar an gCeann Comhairimh maoirseacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta.
- Tóg an vótáil sa halla tionóil. Más féidir, bheadh na leanaí níos sine in ann na leanaí níos óige a thabhairt chuig agus ón halla vótála agus maoirseacht a dhéanamh ar an vótáil ag an am céanna.
- I ndiaidh na ballóide, ba chóir go mbeadh an Ceann Comhairimh in ann na torthaí a chur in iúl do gach duine.

3. Roghanna le haghaidh gníomhaíochtaí a leanann ón mballóid

Mol do na leanaí torthaí na ballóide a thabhairt abhaile leo. D'fhéadfá cúnamh a thabhairt do leanaí:

- Chun obair le chéile ar bheart dearfach maidir leis an gceist a bhuaigh an vótáil.

agus/nó

- Chun ríomhphost nó litir a sheoladh chuig Oifig an Ombudsman do Leanaí chun muid a chur ar an eolas faoi thorthaí na ballóide, tuairimí na leanaí ar na torthaí seo agus, má tá bainteach, aon bheart a thóg siad i dtaca leis an gceist a bhuaigh an vótáil;

agus/nó

- Cairt taispeántais a dhéanamh chun torthaí an ranga/na scoile a thaispeántas.

Bhur mBallóid a Reáchtáil

Seicliosta na bPost

Ainm an chinn chomhairimh:

Is é post an chinn chomhairimh:

Ainmneacha chúntóirí an chinn chomhairimh:

Is é post na gcúntóirí:

Ainmneacha na ngardaí slándála (le haghaidh bothanna vótaíochta nó boscaí):

Is é post na ngardaí slándála:

Ainmneacha na mbreathnóirí:

Is é post na mbreathnóirí:

Ainmneacha áiritheoirí an chomhairimh:

Is é post áiritheoirí an chomhairimh:

Ainmneacha chláraitheoirí na vótaí:

Is é post chláraitheoirí na vótaí:

Páipéar Ballóide Samplach

Roghnaigh an cheist is tábhachtaí dar leat.

Cuir tic in aon bhosca amháin.

☐ *Ceist:* _____

☐ *Ceist:* _____

☐ *Ceist:* _____

☐ *Ceist:* _____

☐ *Ceist:* _____

Fill agus cuir isteach sa bhosca ballóide.

Go raibh maith agat!

Leathán Comhairimh Samplach

Ainm na scoile:

Seoladh na scoile:

Torthaí na Ballóide

Cuir isteach líon na vótaí a caitheadh i ndáil le gach ceist:

Ceist:

Ceist:

Ceist:

Ceist:

Ceist:

Stampa na Scoile:

Ainm an Chinn Chomhairimh (bloclitreacha):

.....

Síniú an Chinn Chomhairimh:



